Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Feabhra 2021
(OR. en)

5947/21

| | |
|---|---|
| CONSOM 32 | ENER 31 |
| COMPET 76 | DIGIT 17 |
| MI 62 | RELEX 82 |
| TRANS 60 | COMER 11 |
| CLIMA 27 | CHINE 2 |
| ENV 64 | DATAPROTECT 28 |
| ENT 20 | EDUC 37 |
| JUSTCIV 18 | EF 51 |

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/an Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an gClár Oibre Nua do Thomhaltóirí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an gClár Oibre Nua do Thomhaltóirí.

DRÉACHT

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gClár Oibre Nua do Thomhaltóirí**

Á MHEABHRÚ DI an creat láidir reachtach atá ag an Aontas maidir le cosaint tomhaltóirí, creat atá á fhorbairt go leanúnach le caoga bliain anuas nach mór agus a chuir go mór le comhtháthú an mhargaidh aonair;

Á MHEABHRÚ DI an rún ón gComhairle a glacadh an 11 Deireadh Fómhair 2012[1] mar fhreagairt ar an teachtaireacht dar teideal *European Consumer Agenda: Boosting confidence and growth* [Clár Oibre Eorpach do Thomhaltóirí: borradh a chur faoin muinín agus faoin bhfás][2];

Á MHEABHRÚ DI na Teachtaireachtaí ón gCoimisiún dar teideal:

– *The European Green Deal* [An Comhaontú Glas don Eoraip][3];

– *Shaping Europe's digital future* [Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú][4];

– *A new circular economy action plan for a cleaner and more competitive Europe* [Plean nua gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach i gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche][5];

– *Identifying and addressing barriers to the Single Market* [Bacainní ar an Margadh Aonair a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu][6];

– *The long term action plan for better implementation and enforcement of single market rules* [Plean gníomhaíochta fadtéarmach chun rialacha an mhargaidh aonair a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr][7];

– *Additional COVID-19 response measures* [Bearta freagartha breise ar COVID-19][8];

---

1 14464/12.
2 10420/12 + ADD 1.
3 15051/19 + ADD 1.
4 6237/20.
5 6766/20 + ADD 1.
6 6779/20.
7 6778/2020.
8 12636/20.

Á MHEABHRÚ DI na Conclúidí ón gComhairle a glacadh an 17 Nollaig 2020 maidir le 'Ag féachaint le Téarnamh Ciorclach Glas'[9];

Á MHEABHRÚ DI Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe agus Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe;

Á CHUR CHUN SUNTAIS DI nach mbainfear amach spriocanna an Chomhaontaithe maidir le Margadh Glas na hEorpa – i.e. sochaí chothrom rathúil a dhéanamh den Eoraip ag a mbeidh geilleagar glan ciorclach aeráidneodrach acmhainní-thíosach – in éagmais bearta a chuirfidh ar chumas na dtomhaltóirí ról gníomhach a bheith acu san aistriú glas, agus a thacóidh leo sin a dhéanamh;

Á MHEABHRÚ DI go bhfuil tionchar nach beag ag paindéim COVID-19 féin, gan trácht ar na héifeachtaí as cuimse a leanann di mar ghéarchéim sláinte, ar réimsí go leor de shaol na dtomhaltóirí san Eoraip;

Á MHEABHRÚ DI gníomhaíochtaí sin an Choimisiúin agus na mBallstát ar mhaithe lena áirithiú go bhfágfar tairbhe an mhargaidh aonair ag tomhaltóirí na hEorpa agus go ndéanfar a gcearta a fhorfheidhmiú go cuí d'fhonn iad a spreagadh chun tacú leis an téarnamh eacnamaíoch agus chun é a chur chun cinn;

Á MHEABHRÚ DI an borradh atá tagtha, go háirithe le linn phaindéim COVID-19, faoin gcamastaíl, faoi theicnící meabhlacha margaíochta agus faoin gcalaois siopadóireachta ar líne, agus an dlúthchomhar éifeachtach a dhéanann an Coimisiún agus na húdaráis náisiúnta ábhartha forfheidhmiúcháin agus ceartais chun na cleachtais trádála bhradacha sin a chomhrac;

Á MHEABHRÚ DI na tionscnaimh a rinne an Coimisiún agus na Ballstáit chun a áirithiú go gcosnófaí cearta na dtomhaltóirí freisin in earnáil an taistil i gcaitheamh an tsuaite mhóir a d'eascair as paindéim COVID-19[10];

Á CHUR CHUN SUNTAIS DI nach mór cur chuige cothrománach a bheith ann maidir le beartas cosanta tomhaltóirí, agus é comhtháite le beartais eile de chuid an Aontais, i bhfianaise fhorálacha na gConarthaí maidir le cosaint tomhaltóirí[11];

---

[9] 13852/20.

[10] Moladh (AE) 2020/648 ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2020 maidir le dearbháin a thairgtear do phaisinéirí agus do thaistealaithe mar mhalairt ar aisíocaíocht ar sheirbhísí taistil agus iompair láneagraithe a cuireadh ar ceal i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 (IO L 151, 14.5.2020).

[11] Go háirithe, Teideal XV de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Cosaint Tomhaltóirí).

Á CHUR CHUN SUNTAIS DI gurb ionann an tomhaltas príobháideach agus breis agus leath de OTI an Aontais;

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur glacadh an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 13 Samhain 2020 maidir le 'Clár Oibre Nua do Thomhaltóirí: Athléimneacht tomhaltóirí a neartú ar mhaithe le téarnamh inbhuanaithe' ('Clár Oibre Nua do Thomhaltóirí'), ina bhfuil fís do bheartas tomhaltóirí an Aontais ó 2020 go 2025;

2. TACAÍONN SÍ leis na réimsí tosaíochta agus leis na príomhphointí gníomhaíochta sin darb aidhm bearta a shainiú agus a bhunú ar mhaithe le hardleibhéal éifeachtach cosanta tomhaltóirí a bhaint amach agus le tomhaltóirí an Aontais a chumhachtú san aistriú glas agus san aistriú digiteach;

3. CUIREANN SÍ I dTREIS na ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19 agus a thábhachtaí atá sé ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a choinneáil ar bun in aimsir géarchéime freisin; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé éifeachtúlacht na sásraí reatha a scrúdú agus beartais tomhaltóirí fhadtéarmacha, chuimsitheacha, uaillmhianacha, de chuid an Aontais agus de chuid na mBallstát a bhaint as na ceachtanna a fhoghlaimeofar ón scrúdú sin, d'fhonn teacht aniar na dtomhaltóirí a fheabhsú agus a leas a chosaint feasta tráth géarchéime;

4. AONTAÍONN SÍ gur cheart measúnú a dhéanamh ar thionchar fadtéarmach COVID-19 ar phatrúin tomhaltais agus soghluaisteachta na ndaoine san Aontas mar bhonn do thionscnaimh bheartais a bheidh ann amach anseo, d'fhonn athléimneacht agus ullmhacht an Aontais a fheabhsú i dtaca le bagairtí den chineál céanna feasta; IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil rún ag an gCoimisiún úsáid a bhaint as cur chuige fadbhreathnaitheach chun gur fearr a bheifear in ann teacht roimh pé iarmhairt a fhágfar ar thomhaltóirí tráth géarchéime is faide anonn agus an iarmhairt sin a mhaolú;

5. FORMHUINÍONN SÍ an cur chuige iomlánaíoch maidir le beartas tomhaltóirí, a léirítear sa Chlár Oibre Nua do Thomhaltóirí, agus is díol béime aici an gá atá le comhar agus comhordú idir an Coimisiún agus na Ballstáit ós rud é go dtuigtear gur den bhunriachtanas an comhordú sin chun cosaint na dtomhaltóirí a áirithiú; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór leasanna na dtomhaltóirí a chomhtháthú i ndearadh agus i gcur chun feidhme na mbeartas earnála; AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá cur chuige iompraíochta tráth a mbíonn gníomhaíochtaí beartais á mbunú;

6. AITHNÍONN SÍ na buntáistí a bhaineann le beartais chuimsitheacha náisiúnta do thomhaltóirí a fheidhmíonn i sineirge leis an gClár Oibre Nua do Thomhaltóirí – agus neamhspleáchas na gcinntí náisiúnta á gcaomhnú ag an am céanna – mar rannchuidiú le margadh aonair lánfheidhmiúil; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tacú leis na sineirgí sin;

7. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an fhís pholaitiúil atá ann tomhaltóirí a chumhachtú le bheith páirteach sa gheilleagar iar-phaindéime trí phríomhghníomhaithe a dhéanamh díobh sa téarnamh inbhuanaithe agus iomaíochas gheilleagar an Aontais agus an mhargaidh aonair a threisiú ar an gcaoi sin; CUIREANN SÍ I dTREIS an méid a chuireann beartas tomhaltóirí leis an téarnamh, agus an nasc bunúsach idir muinín na dtomhaltóirí agus an fás eacnamaíoch á fheabhsú aige;

8. MOLANN SÍ do na Ballstáit tacú le tomhaltóirí chun a bheith ina ngníomhaithe ábhartha san aistriú glas, agus an táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear trí réitigh nuálacha a ghlacadh chucu féin, a chuidíonn le hiomaíochas agus ceannaireacht dhomhanda an Aontais a threisiú, agus trí oideachas a chur ar thomhaltóirí agus faisnéis a chur ar fáil dóibh; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart táirgí inbhuanaithe a bheith infhála, inacmhainne, agus inrochtana ag gach tomhaltóir;

9. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór tomhaltóirí a chumhachtú trí fhaisnéis spriocdhírithe shoiléir chomhchuibhithe iontaofa a thabhairt dóibh maidir le lorg comhshaoil, mar shampla an lorg carbóin, agus saintréithe ciorclacha earraí, lena n-áirítear bia, agus seirbhísí, trí thús áite a thabhairt don dearadh faisnéise tomhaltóir-bháúil, agus an ró-ualach faisnéise agus ualaigh míréasúnta eile ar ghnólachtaí a sheachaint ag an am céanna; IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil rún ag an gCoimisiún bearta a mholadh d'fhonn an tomhaltas inbhuanaithe a chur chun cinn trí fheabhas a chur ar cheart na dtomhaltóirí faisnéis chruinn éifeachtach a fháil, agus chun cosaint níos fearr a thabhairt dóibh ar chleachtais áirithe i.e. cuideachtaí a bheith ag maíomh gan bhunús go mbaineann gné ghlas ar leith lena n-earraí nó glas-snas a bheith á chur acu orthu;

10. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach mór lorg éiceolaíoch na dtomhaltóirí a laghdú trí shaolré fhada agus inmharthanacht táirgí a chur chun cinn, chomh maith le cothabháil chuí, deis deisithe, agus an athchúrsáil, agus é á chosc ag an am céanna go ngabhfaidh earraí (lena n-áirítear bogearraí) as feidhm go hanabaí; IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil rún ag an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin i dtograí reachtacha ábhartha atá ar na bacáin aige;

11. AITHNÍONN SÍ an ról a bhíonn ag tomhaltóirí sna samhlacha nua gnó sin lena bhféadfaí éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht earraí agus seirbhísí a optamú – amhail comhroinnt, léasú nó athmhonarú earraí – nó iad a sholáthar mar sheirbhís nó ar bhonn athláimhe, i gcomhréir le spriocanna an gheilleagair chiorclaigh; IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil rún ag an gCoimisiún an 'ceart chun deisithe' a threisiú ionas go bhféadfar earraí a dheisiú ar bhealach níos córasaí agus níos éasca, agus sin a dhéanamh tráth is faide anonn ná an tréimhse ráthaíochta, ar chostas réasúnta agus laistigh de thréimhse atá réasúnta ag tomhaltóirí;

12. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach mór timpeallacht dhigiteach iontaofa shábháilte chothrom a áirithiú do thomhaltóirí trí bhíthin beartais leordhóthanacha, reachtaíocht a bhfuil seasamh na haimsire inti, cumais agus uirlisí forfheidhmithe, a chuireann san áireamh na dúshláin a bhaineann leis an ré dhigiteach, a chumasaíonn an nuálaíocht chun earraí agus seirbhísí glasa agus níos sábháilte a chur ar fáil, agus leibhéal coibhéiseach cosanta do thomhaltóirí ar líne agus as líne a áirithiú;

13. TACAÍONN SÍ leis an rún atá ag an gCoimisiún an Treoir maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí[12] a athbhreithniú d'fhonn cothrom na Féinne a chruthú do shábháilteacht táirgí ar líne agus as líne trí fheabhas a chur ar chórais aisghairme, forfheidhmithe agus inrianaitheachta, chun a áirithiú go mbeidh gach táirge a chuirtear ar an margadh aonair sábháilte;

14. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé creat freagrachta agus dliteanais a bhunú d'ardáin ar líne, lena n-áirítear bearta iomchuí a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt go héifeachtúil ar chleachtais chalaoiseacha éagóracha mhíthreoracha tráchtála, agus ar dhíol earraí agus seirbhísí neamhchomhlíontacha agus contúirteacha ar na hardáin ar líne; IS DÍOL SÁSAIMH DI an t-idirphlé rialta idir an Coimisiún agus na hardáin sin, agus MOLANN SÍ a leithéid;

15. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór comhsheasmhacht agus idirghníomhú soiléir a bheith ann idir dlí cosanta tomhaltóirí an Aontais agus dlí margaí digiteacha an Aontais (ag féachaint, go háirithe don Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha[13] agus don Ghníomh um Margaí Digiteacha[14] atá beartaithe) d'fhonn ardleibhéal cosanta tomhaltóirí a bhunú maidir le cearta tomhaltóirí, rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí (lena n-áirítear go trasteorainneach), trédhearcacht, freagracht agus timpeallacht dhigiteach shábháilte, agus chun cuntasacht idirghabhálaithe ar líne a shoiléiriú agus a threisiú, go háirithe i gcás na n-ardán ar líne;

---

[12] Treoir 2001/95.
[13] 14124/20 + ADD 1 - 3 + REV 1.
[14] 14172/20 + ADD 1 - 4.

16. MOLANN SÍ athbhreithniú a dhéanamh ar na treoirlínte maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm na Treorach maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha[15] agus na Treorach maidir le Cearta Tomhaltóirí[16] d'fhonn a gcur i bhfeidhm a shoiléiriú a mhéid a bhaineann le cleachtais nua tráchtála, go háirithe sa gheilleagar digiteach agus sna meáin shóisialta; IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil rún ag an gCoimisiún bosca ríomhuirlisí nuálacha a úsáid, rud a chuideoidh leis na húdaráis ábhartha, amhail na húdaráis náisiúnta agus eagraíochtaí na dtomhaltóirí, chun cleachtais tráchtála neamhdhleathacha ar líne a shainaithint;

17. TACAÍONN SÍ GO LÁIDIR leis an gcur chuige atá ag an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na dtomhaltóirí, agus leochaileachtaí na dtomhaltóirí á gcur san áireamh, chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár; CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór feachtais chuimsitheacha feasachta agus comhairle áitiúil a chur chun cinn chun cosaint tomhaltóirí ar líne agus as líne a threisiú; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé tacú le seirbhísí comhairle fiachais agus comhairleoireacht choisctheach airgeadais agus féachaint an bhféadfaí úsáid a bhaint as sásraí fóirithinte;

18. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil gá le cineálacha cur chuige reachtach agus iompraíochta chun leasanna na dtomhaltóirí a chosaint i ngeall ar mhearchlaochlú dinimiciúil na seirbhísí airgeadais miondíola, lena bhfuil bealaí agus táirgí digiteacha nua á gcur ar fáil do thomhaltóirí; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór an chosaint a thugtar do thomhaltóirí leochaileacha – a mbíonn orthu dul i dtuilleamaí an chreidmheasa chun earraí agus seirbhísí riachtanacha a cheannach, amhail cúram sláinte, oideachas agus fóntais – a neartú;

19. TÁ SÍ I bhFÁCH LE rún an Choimisiúin athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Creidmheas Tomhaltóirí[17] agus ar an Treoir maidir le Cianmhargú Seirbhísí Airgeadais Tomhaltóirí[18], go háirithe d'fhonn an chosaint a thugtar do thomhaltóirí a neartú trí bhearta sonracha a chur chun feidhme lena gcoisctear an mhífhaisnéis i measc na dtomhaltóirí, an rófhéichiúnas agus an t-eisiamh sóisialta, mar shampla trí na ceanglais acmhainneachta creidmheasa a shoiléiriú; MOLANN SÍ don Choimisiún féachaint cén chaoi a bhféadfaí tomhaltóirí a chosaint ar an rófhéichiúnas agus iad ag gabháil do chineálacha áirithe iasachtaí; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach mór go bhfaigheadh tomhaltóirí an fhaisnéis shoiléir réamhchonarthach iomchuí is gá chun gur féidir leo roghanna eolasacha a dhéanamh ach nach mór an ró-ualach faisnéise a sheachaint ag an am céanna;

---

[15] Treoir 2005/29.
[16] Treoir 2011/83.
[17] Treoir 2008/48.
[18] Treoir 2002/65.

20. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an ról nach beag a bhíonn ag an tsochaí shibhialta – go háirithe ag eagraíochtaí na dtomhaltóirí agus ag ionadaithe gnó – i dteannta na n-údarás náisiúnta, maidir le beartas cosanta tomhaltóirí a mhúnlú, ar mhaithe le caidreamh chun tairbhe cách a bheith ann go háirithe i dtaca leis an aistriú glas agus leis an gclaochlú digiteach, agus rannpháirtíocht níos leithne á háirithiú ag an am céanna tráth a mbíonn beartas cosanta na dtomhaltóirí á chur le chéile agus á chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na n-eagraíochtaí tomhaltóirí ionas gur fearrde an chosaint a thugtar do chomhleas na dtomhaltóirí agus chun dul i ngleic leis na rioscaí forleathana sin ar chun aimhleas na dtomhaltóirí iad;

21. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé go mbeadh réimeas éifeachtach ann don chomhar forfheidhmiúcháin agus sásraí iomchuí sásaimh chun go mbeidh tomhaltóirí in ann idirbhearta a chur i gcrích ar an margadh aonair (lena n-áirítear go trasteorainneach) gan bhacainní agus le muinín;

22. IARRANN SÍ go mbeadh rannpháirtíocht ghníomhach ann i líonra an Chomhair um Chosaint Tomhaltóirí[19], sásraí malartacha éifeachtúla chun díospóidí a réiteach - lena n-áirítear an t-ardán ar líne chun díospóidí a réiteach – agus go leanfaí de thacaíocht a thabhairt do líonra na Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí;

23. IARRANN SÍ go ndéanfaí rialacha cosanta tomhaltóirí an Aontais a fhorfheidhmiú go stóinseach agus go héifeachtach, chun muinín na dtomhaltóirí a áirithiú trí dhul i ngleic le cleachtais idirdhealaitheacha éagsúla a chuireann srian ar an rogha agus rochtain a bhíonn ag tomhaltóirí ar earraí agus ar sheirbhísí;

24. IARRANN SÍ go gcuirfí chun feidhme mar is ceart na rialacha is déanaí maidir le cosaint tomhaltóirí – amhail an Treoir maidir le hEarraí a Dhíol[20], an Treoir maidir le Conarthaí Digiteacha[21], an Treoir maidir le Forfheidhmiú Níos Fearr agus Nuachóiriú[22] agus an Treoir maidir le Gníomhaíochtaí Ionadaíocha[23] – rud a chuirfidh le feidhmiú cuí an mhargaidh aonair;

25. IARRANN SÍ go bhforbrófaí comhar éifeachtach le tríú tíortha d'fhonn a áirithiú go gcuirfear táirgí ar an margadh aonair ar bhealach sábháilte agus d'fhonn rochtain ar tháirgí sábháilte a dhíoltar ar líne agus as líne a áirithiú do thomhaltóirí;

---

19 Arna bhunú faoi Rialachán (AE) 2017/2394.
20 Treoir 2019/771.
21 Treoir 2019/770.
22 Treoir 2019/2161.
23 Treoir 2020/1828.

26. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tograí sonracha a chur ar aghaidh maidir leis an intleacht shaorga a mbeidh cur chuige riosca-bhunaithe agus comhréireach ag gabháil leo, agus ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a ráthú ar mhaithe le trédhearcacht, freagracht, sothuigtheacht, infhíoraitheacht, agus sábháilteacht; IARRANN SÍ go mbeadh an sásraí ann chun a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis inniúla forfheidhmiú éifeachtúil, agus bearta cuí maidir le húsáid shlán iontaofa eiticiúil a bhaint as córais algartam, agus na straitéisí náisiúnta á gcur san áireamh; TACAÍONN SÍ leis an mbéim atá á leagan ag an gCoimisiún ar chearta bunúsacha a chosaint, amhail neamh-idirdhealú, sa chomhthéacs áirithe seo;

27. IARRANN SÍ go mbeadh comhar forleathan éifeachtúil ann idir na húdaráis náisiúnta agus gach geallsealbhóir de chuid an bheartais tomhaltóirí (lena n-áirítear an tsochaí shibhialta), agus idir na heagraíochtaí tomhaltóirí náisiúnta agus Eorpacha agus an Coimisiún féin; DEARBHÍONN SÍ ról ríthábhachtach eagraíochtaí na dtomhaltóirí agus na cúraimí ríthábhachtacha a bhíonn orthu maidir le comhairle a thabhairt, tacú le riachtanais shonracha na dtomhaltóirí agus cur ar a son, lena n-áirítear tríd an bpróiseas caighdeánúcháin, d'fhonn geilleagar sóisialta margaidh níos cothroime a bheith ann;

28. TACAÍONN SÍ leis an rún atá ag an gCoimisiún córas nua rialachais a bhunú chun cur chun feidhme an Chláir Oibre Nua do Thomhaltóirí a stiúradh trí ról a thabhairt i dtimthriall bliantúil do na Ballstáit agus do na geallsealbhóirí ábhartha eile go léir; IS DÍOL SÁSAIMH DI gur cruthaíodh grúpa comhairleach nua maidir le beartas tomhaltóirí, grúpa ina dtugtar le chéile an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí na dtomhaltóirí, lucht tionsclaíochta agus an saol acadúil; IS FADA LÉI an Scórchlár nua Dálaí Tomhaltóirí do 2021, lena n-áiritheofar rialachas níos fearr ar an gClár Oibre Nua do Thomhaltóirí;

29. AITHNÍONN SÍ nach mór na hacmhainní riachtanacha a leithdháileadh chun an Clár Oibre Nua do Thomhaltóirí agus beartais tomhaltóirí na mBallstát a chur chun feidhme, trí Chlár an Mhargaidh Aonair 2021-2027, go háirithe tríd an gcuspóir atá aige maidir le tomhaltóirí;

30. IARRANN SÍ ar gach páirtí comhoibriú go héifeachtúil chun cur chun feidhme tapa agus faireachán éifeachtach an Chláir Oibre Nua do Thomhaltóirí a áirithiú agus, i gcás inarb iomchuí, machnamh rialta a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí é a chur in oiriúint d'imthosca nua agus do riachtanais nua.

---